# Obair na Maidine



## Úna ag Caint:

Is mise Úna Ní Mhurchú. **Dhúisigh** mé ar a hocht a chlog ar maidin nuair a bhuail an clog aláraim. **D'éirigh** mé ansin agus ghléas mé mé féin. **Dúirt mé** mo phaidreacha. Chuaigh mé isteach sa seomra folctha. Chas mé an sconna agus líon mé an báisín le huisce te. Nigh mé m'aghaidh agus mo lámha le **spúinse** agus le **gallúnach.** Thriomaigh mé mé féin leis an tuáille. Chuir mé orm mo gheansaí. D'fhéach mé isteach sa scáthán agus scuab mé agus chíor mé mo chuid gruaige. Chuir mé orm mo bhróga agus mo stocaí. Isteach sa chistin liom agus d'ith mé an bricfeasta. Fuair mé leite ó Mhamaí. Chuir mé bainne agus siúcra ar an leite. Thug Mamaí ubh dom ansin agus bhain mé an barr de. Ghearr mé **canda aráin** dom féin agus chuir mé im agus subh air. D'ól mé dhá chupán tae. Ansin fuair mé mo mhála agus d'fhág mé slán ag Mamaí.

**Foclóir:**
**clog aláraim,** alarm clock
**ghléas,** dressed
**sconna,** tap
**spúinse,** sponge
**gallúnach,** soap
**leite,** porridge
**canda,** slice

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cén t-am a d'eirigh Úna ar maidin?
   — ar leathuair tar éis a naoi.
   — ar a hocht a chlog.
   — ag am dinnéir.
2. Cad leis ar thriomaigh sí í féin?
   — leis an tuáille.
   — le spúinse.
3. Cad a chuir sí ar an leite?
   — salann.
   — anlann.
   — bainne agus siúcra.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Dúirt mé mo — .
2. Líon mé an báisín le — — .
3. D'fhéach mé isteach sa — agus — mé agus chíor mé mo chuid gruaige.
4. Isteach sa chistin liom agus d'ith mé — — .
5. Ghearr mé — — dom féin.

**C. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a dhúisigh Úna ar a hocht a chlog?
2. Cén fáth ar chas sí an sconna?
3. Cén fáth ar fhéach sí isteach sa scáthán?
4. Cár ith sí an bricfeasta?
5. Cé a thug ubh di?
6. Cad a chuir sí ar an arán?
7. Cad a chuir sí isteach sa tae?
8. Cad a bhí sa mhála aici?

**Gramadach 1**

1. Chíor mé mo chuid gruaige.
   (tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
   Nigh mé m'aghaidh agus mo lámha.
   (tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
2. Inné scuab mé agus chíor mé mo chuid gruaige.
   Ghlan mé m'fhiacla. Nigh mé m'aghaidh agus mo lámha.
   **Scríobh na habairtí arís ag tosú mar seo:**
   Dé Sathairn seo caite níor scuab sé . . . . . . . . .